

TÁIN BÓ CÚAILNGE: FOINSÍ AN TÉACS ATÁ IN EGERTON 1782¹

Leagan I (Leagan a hAon) den Táin

Tá an leagan seo ar fáil i dtrí lámhscríbhinn cháiliúla: Leabhar na hUidhre (LU);² Leabhar Buí Leacáin (LBL);³ Egerton 1782 (Eg).⁴ Tá téacs eile fós de Leagan I, ach a tháinig faoi anáil Leagan II (an leagan atá i Leabhar Laighean), ar fáil leis féin i lámhscríbhinn a bhfuil C 1 mar mharc uirthi i Leabharlann Choláiste Phádraig, Maigh Nuad.⁵ Téacsanna neamhiomlána atá iontu seo ar fad anois; ach chuir Sisile Ní Raithile téacs atógtha iomlán in eagar ar bhonn na geithre lámhscríbhinn sin.⁶

Na lámhscríbhinní: nótaí gearra staire

(i) LU: Níl tús, ná mórán aon chuid eile, de stair na lámhscríbhinne seo ar eolas; ach creidtear gur i gCúige Laighean a cuireadh le céile í, agus sin b'fhéidir sa dara leath den aonú céad déag. Chaith sí, áfach, tréimhse éigin i gCluain Mhac Nóis agus tréimhse éigin eile i dTír Chonaill nó gur bhain Ó Conchobhair Cairbreach de Ó Domhnaill í sa bhliain 1359. Bhí LU i gCairbre Droma Cliabh ansin nó gur ghabh Ó Domhnaill caisleán Shligigh sa bhliain 1470 agus go dtug sé an lámhscríbhinn seo agus leabhar anaithnid éigin (darbh ainm An Leabhar Gearr) ar ais go Tír Chonaill.⁷

(ii) LBL: Giolla Íosa Mac Fhir Bhisigh a scríobh an chuid is tábhachtaí den lámhscríbhinn ilpháirteach seo c. 1392, mar atá, an chuid ina bhfuil téacs na Tána agus samplaí móra eile dár seanlitríocht. Bhí an teideal 'ollamh Ó bhFiachrach' ag Giolla Íosa agus bhí sé i mbun na scoile mórchlúití a bhí i Leacán (*Lackan, par. Kilglass*) faoi phátrúnacht Uí Dhubhda i dTír Fhiachrach Muaidhe (*bar. Tیرهagh, Co. Sligo*).

(iii) Eg: Beirt mhac le Seán mac Torna Uí Mhaoil Chonaire, 'ollamh Sí Muireadhaigh 7 ardollamh Éireann', agus beirt scríobhaithe eile leo, a chuir Eg le chéile sa bhliain 1517 go háirithe. Bhain siadsan le príomhghéag Chlann Uí Mhaoil Chonaire, dream a bhí lonnaithe i gCluain Plocáin in oirthuaisceart chontae Ros Comáin. Ba é Art Buí Mac

¹Tá mé le halt gaolmhar, mar atá, 'Táin Bó Cúailnge: roinnt nótaí ar Leagan I' a fhoilsíú in *Celtica* 25.

²R. I. Best and O. Bergin, (ed.), *Lebor na hUidre* (Dublin 1929; 3ú hathchló, le corrigenda, 1992), ll. 4479–6722.

³J. Strachan and J. G. O'Keefe (ed.), *The Táin Bó Cúailnge from the Yellow Book of Lecan with variant readings from the Lebor na hUidre* (Dublin 1912; athchló 1967).

⁴E. Windisch (ed.), 'Táin Bó Cúailnge nach der Handschrift Egerton 1782', *Zeitschrift für celtische Philologie* 9 (1913) 121–58.

⁵P. Ó Fiannachta (ed.), *Táin Bó Cuailnge* (Dublin 1966).

⁶C. O'Rahilly, *Táin Bó Cúailnge: Recension I* (Dublin 1976); mar *Rec I* a luafar an saothar sin anseo síos.

⁷Féach P. Walsh, *Irish men of learning* (Dublin 1947) 46–8.

Murchadha Caomhánach, ‘rí Laighean’, an pátrún a bhí acu le haghaidh an tsaothair agus d’fhéadfadh sé go mba cois na Sláine a scríobh siad cuid den leabhar. Fuair Mac Murchadha bás le linn don obair a bheith ar siúl agus d’fhan an lámhscríbhinn suas le dhá chéad bliain i gCúige Laighean.⁸

(iv) C 1 (Maigh Nuad): Thart ar lár an séú céad déag, is cosúil, lonn-
naigh géag de Chlann Uí Mhaoil Chonaire, sliocht Thorna Óig (1532),
i dTuamhumhain (Contae an Chláir).⁹ Iollann Buí Ó Maoil Chonaire a
scríobh an lámhscríbhinn páipéir seo i scoil Sheáin Uí Mhaoil Chonaire
ar an Ardchoill (*Ardkyle*), in aice Bhun Raite, sa bhliain 1587.¹⁰

Idirshleachta áirithe sa Táin in LU

Trí lámh atá in LU, ach níl ainm scríobhaí le fáil le haon téacs sa lámhscríbhinn anois. Mheas R. I. Best gurbh ionann lámh an phríomhscríobhaí agus lámh Mhaol Muire (1106), scríobhaí as Cluain Mhac Nóis a bhfuil a ainm curtha le promhadh pinn (*probatio pennae*, mar a deir sé féin) i dhá áit sa leabhar. Dá bharr sin, chuir Best ‘M’ mar chomhartha ar an bpríomhscríobhaí. Ní dhearnadh aon iarracht fós ar ainm a chur ar an gcéad scríobhaí (‘A’). Uair éigin tar éis aimsir A agus M rinne scríobhaí eile glanadh amach ar chodanna áirithe (mór agus beag) i roinnt de na téacsanna agus chuir sé leaganacha eile, agus fós idirshleachta agus coigeartuithe, isteach. De bhrí go bhfuil dhá aitheasc reiligiúnacha ar na téacsanna nua a bhreac an scríobhaí seo thug Best ‘H’ (‘the Homilist’) air. Úsáideann scoláirí U^H mar chomhartha ar na téacsanna in LU a bhfuil athruithe déanta ag H orthu.

Tá ceithre idirshliocht ó lámh H sa Táin in LU, agus tá sleachta a fhreagraíonn do phéire díobh ar fáil sa chuid de théacs Eg atá tagtha slán:

LU 4545–91 (*Rec I* 66–113): Eg 122.33 – 123.23

LU 5834–5967 (*Rec I* 1545–1712): Eg 153.29 – 155.15

(Bearna in Eg anseo = *Rec I* 1619–1709. Téacs Eg ar iarraidh ó 157.25: *Rec I* 1814)

Tá dhá thuairim curtha chun cinn faoi bhunús na n-idirshleachta sin ó lámh H:

(1) *Tuairim Rudolf Thurneysen*: Ó tá giotáí a fhreagraíonn do phéire de na hidirshleachta le fáil sa chuid sin de théacs Eg atá tagtha slán, deir Thurneysen gurbh as téacs sinsearach éigin a bhí ag freagairt do Eg a thóg H na ceithre idirshliocht atá ina lámh sa Táin in LU.¹¹

⁸R. Flower, *Catalogue of Irish manuscripts in the British Library [formerly British Museum]* (London 1926; athchló 1992) 259–63.

⁹Walsh, *Irish men of learning*, 39.

¹⁰Ó Fiannachta, *Táin Bó Cuailnge*, Introduction, viii–ix.

¹¹R. Thurneysen, *Die irische Helden und Königsage* (Halle 1921) 235 (‘Die Quelle für den Interpolator von LU war eine Handschrift von der Art von Eg. 1782, aus der er ergänzte was im alten Teil von LU fehlte.’).

(2) *Tuairim Shisile Ní Raithile*: Chaith Sisile Ní Raithile amhras ar theagasc sin Thurneysen (a deir gurbh ó sheanfhoinsé chomónta éigin (i) a tháinig téacs Eg anuas agus (ii) a thóg H na hidirshleachta).

Ag plé an scéil sin di is iad na comharthaí seo, U/U^H, W ('Windisch') agus Y ('Yellow Book of Lecan'), a úsáideann Sisile Ní Raithile ar théacsanna na Tána atá in LU, in Eg agus in LBL leith ar leith:

Both U^H and W go back according to Thurneysen to this common source, expanded and changed from the version which Y represents and which U originally contained before the intervention of H. This theory would hold only if we assume that H himself was not the composer or compiler of the interpolations. If these additions to U were first made by H, as I am inclined to believe, then we may assume that W was based on a later copy of U^H plus a copy of the uninterpolated text as we find it in Y.¹²

An gaol atá idir téacsanna na Tána in LU, LBL agus Eg

Seo mar a chuireann Sisile Ní Raithile síos ar ghnéithe cosúlachta atá ag na trí théacs sin le chéile: 'W agrees with U^H in the H-additions, but in the main text it sometimes gives the U-reading, sometimes the Y-reading.'¹³ Níorbh ionadh lorg LBL a bheith ar théacsanna mar iad seo atá in Eg, téacsanna a bhaineann go díreach le traidisiún Chonacht i ndeireadh na Meánaoiseanna; níorbh ionadh ach oiread lorg LU a bheith le fáil orthu, ó bhí an lámhscríbhinn an fad sin (1359–1470) ar caomhnadh i gCairbre.¹⁴

Togail Bruidne Da Derga (BDD)

- (i) Tá sampla tábhachtach eile d'oidhreacht LU agus LBL le chéile le fáil i dtéacs áirithe den scéal seo, an téacs atá in D.iv.2, lámhscríbhinn i gcnuasach Stowe ('St.') san Acadamh.¹⁵ Is mar seo atá ráite ag Lucius Gwynn faoin téacs sin: 'where . . . St. omits to modernize, it reads sometimes with LU, sometimes with LBL'.¹⁶
- (ii) Deir Eleanor Knott fós ina heagrán stairiúil de BDD: 'It appears to me, and I think a study of the variants from that MS. printed in the Appendix . . . will confirm this, that D [i.e. D.iv.2] used more than one copy, and that one of these was probably Y or its exemplar.'¹⁷

De bhrí gur tugadh LU ar ais go Tír Chonaill sa bhliain 1470, níorbh fhéidir gurbh as an leabhar sin go díreach a heagraíodh téacs Eg (sa

¹²*Rec I*, Introduction, xxii.

¹³*Rec I*, loc. cit.

¹⁴Cf. Walsh, *Irish men of learning*, 143–9.

¹⁵*Catalogue of the Irish manuscripts in the Royal Irish Academy*, no. 1223.

¹⁶L. Gwynn, 'The recensions of the saga *Togail Bruidne Da Derga*', *Zeitschrift für celtische Philologie* 10 (1914) 209–22, at 211.

¹⁷E. Knott, *Togail Bruidne Da Derga* (Dublin 1936), Preface, xii.

bhliain 1517). Seo mar a shamhlaíonn Sisile Ní Raithile gaol théacs Eg le téacs LU: ‘... we might surmise that H’s additions in U were first introduced by H, that successive scribes copied U^H and that many of these copies must have intervened between the 12th century when H worked and the 16th.’¹⁸

Is éard atá déanta agam sa chuid seo a leanas a thaispeáint (1) go bhfuil gluaiseanna áirithe ó lámh M sa Táin in LU le fáil i bhfoirm éigin in LBL agus in Eg araon; (2) ach gur i dtéacs Eg amháin atá macasamhla gluaiseanna ó lámh H le fáil. Tá roinnt fianaise tugtha agam cheana in áit eile gur cosúil (i) gurbh as LU a rinneadh téacs LBL, (ii) gurbh é Giolla Íosa Mac Fhir Bhisigh an t-eagarthóir agus (iii) nach raibh aon ghlacadh aige go coitianta le hábhar a bhí i lámh H, lámh nua in LU ar so-aitheanta í (*a*) as a bheith ar fáil in áiteanna ar scriosadh an buntéacs amach, nó (*b*) ar bhileoga nua breise.¹⁹

(i) Gluaiseanna ó lámh M ar a théacs féin: foirmeacha comhfhreagracha in LBL agus in Eg

LU 4683 (<i>Rec I</i> , 210) ind Némain / .i. in Badb /	LBL 211 in demain / .i. in Badb /	Eg 126.9 in demain / .i. in badb /
LU 4684 (<i>Rec I</i> , 211) ind athig / .i. Dubthaig /	LBL 212 and athaich .i. Dubthaich	Eg 126.10–11 ind athaigh / .i. Dubthaigh /
LU 4777 (<i>Rec I</i> , 309) i Cúil Sibrille / .i. Cennannas /	LBL 284 i Cuil Sibrilli .i. i Cenannus	Eg 128.5 hi Cúil Sibrill / .i. Cenannus /
LU 4835 (<i>Rec I</i> , 378) / Obicitur Tochmarc Emire de so /	LBL 345–6 7 luid do thochmorc nEmeiri	Eg 129.26 / Obicitur tochmarcc nEmire do so /
LU 5180 (<i>Rec I</i> , 792) in dá roth / .i. fonnod /	LBL 701 in da roth .i. fonno	Eg 138.34–5 na da roth / .i. fonnad /
LU 5200 (<i>Rec I</i> , 813) or Mugain / † or Férach /	LBL 721 or Mumain / † Ferach /	Eg 139.14 or Mugain / † Ferach /
LU 5500 (<i>Rec I</i> , 1145) nam iarrair / .i. nan tiagar /	LBL 1019 namiarair numtiagar	Eg 145.17 Nam iarair / .i. nonttiagar /

¹⁸*Rec I*, Introduction, xx.

¹⁹Maidir le saothar agus cumas Ghiolla Íosa mar údar féach fós m’alt, ‘A medieval Irish historiographer: Giolla Íosa Mac Fhir Bhisigh’, i bhféilscríbhinn an Bhranaigh (ed. Alfred P. Smyth), *Seanchas: Studies in Early and Medieval Irish archaeology, history and literature in honour of Francis J. Byrne* (Dublin 2000) 387–95.

LU 5500 (<i>Rec I</i> , 1146) di maith lessa / .i. dirorben /	LBL 1019 dimaith lesa / .i. diroirben /	Eg 145.17–18 Dimraithleassa / .i. dirosben /
LU 5818–9 (<i>Rec I</i> , 1528–9) geogain firu Crochine / † Croiniche /	LBL 1346–7 geguin firu Croiniche	Eg 153.14 Geguín ²⁰ Croiniche
LU 5999–6000 (<i>Rec I</i> , 1750) uile aní sin / .i. a athesc /	LBL 1531 uile a aithesc	Eg 156.14 Huli a aithiuscc

(ii) Gluaiseanna eile ó lámh M ar a théacs féin: foirmeacha comhfhreagracha in Eg

LU 4694 (<i>Rec I</i> , 222) Orthá / .i. eirg /	LBL 221 Ortha	Eg 126.20 Ortha / .i. ercc /
LU 4728 (<i>Rec I</i> , 256) i nIraird Chuillend / is fris atberar Crossa Cail indiu /	LBL 243 i nIraird Chuillenn	Eg 127.4 ind Erard Chuillend / .i. is fris atberar Crossa Coil indiu /
LU 4734 (<i>Rec I</i> , 261) Lelgetár / .i. lomraiset /	LBL 248 Lelgadar	Eg 27.9 Lelgetar / .i. lomraigsitar /
LU 4791–2 (<i>Rec I</i> , 326–7) Ro láosa di tra ol se fomus forsaní sin . . . / Is sí seo in tres árim is glicu ⁊ is dolgiu dorigned i nHerind .i. árim Con <i>Culaind</i> for feraib Herend ár Tána. ⁊ árim Loga for sluag Fomórach ar Cath Maigi Tured ⁊ árim Ingcúil for slóg Buidni Da Dergae /	LBL 299–300 Rolaosa di tra olse fomus forsinnisin.	Eg 128.19–25 Roláusa tra olsé fomus forsaní sin . . . Is hé so in tres árim is glica dorigned ind Érin .i. árim Con <i>Culaind</i> ar in tána et arim Logha for Fomórchaib i cath Maighe Turedh et arim Ingcéil i mBrudin.
LU 5198 (<i>Rec I</i> , 811) im Mugain / † im Féraig <i>secundum</i> alios /	LBL 719 im Mugain	Eg 139.12–3 im Mugain / † im Ferach <secundum ali>os /

²⁰firu fágtha ar lár.

LU 5991 (<i>Rec I</i> , 1738) Collaa / .i. erig /	LBL 1523 Colla	Eg 156.6 Collaa / .i. eirg /
---	-----------------------	-------------------------------------

(iii) Malairt leagain ar rann i lámh M: ar fáil mar théacs in LBL, ach ar iarraidh in Eg

LU 4755–6 (<i>Rec I</i> , 284–5) astúd rurech ferg i ndá óenfer co n-óenlaim ro lá / 1 feirg i ndáil / ro lá oenfer co n-óenlaim /	LBL 264 astud rurech ferg i ndail ro laa enfer co n-enlaim	Eg 127.26 astad rurech ferg indá oenfer co n-óenlaim rodlá
---	--	--

(iv) Gluais ó lámh M: ar fáil in LBL, ach gan fáil ann ar ghluais ó H

LU 5323 (<i>Rec I</i> , 957) can eirc / .i. cen bréic / [H] n-echdaig / .i. éca / [M]	LBL 846 caneirc necndaig / .i. eca /	Eg [<i>easnamhach</i>]
---	--	--------------------------

(v) Gluaiseanna ó lámh H ar théacs atá i lámh M: leaganacha comhfhreagracha in Eg

LU 4696 (<i>Rec I</i> , 224) i ndormaineacht / .i. fó chlith / [H]	LBL 223 i ndormaineacht	Eg 126.23 i ndormaineacht / .i. hi clith /
LU 4800 (<i>Rec I</i> , 335) Ath nGabla / .i. oc Beloch Caille Móre fri Cnogba atúaid / [H]	LBL 308 Ath <n>Gabla	Eg 128.31–2 Ath nGabla .i. ic Beluch Chailli Móri fri Cnodba antúaid
LU 5108 (<i>Rec I</i> , 702–3) dún trí mac Nechta Scéne / .i. o Inber Scéne / [H]	LBL 623 dun tri mac Nechtain Scéne	Eg 136.40–137.1 dun tri mac Neachtan Scene / .i. o inber Scene /
LU 5273 (<i>Rec I</i> , 904) Ní fríthid bid eissine ém / .i. Ní inuud γ en do gabáil / [H]	LBL 797–8 Ni frithid bid eissine em	Eg 141.36–7 Ni frithidi bid esine éim / .i. ni hinann so γ eun do gabail a sás /

LU 5810 (<i>Rec I</i> , 1519) Is tolam / .i. sét talman / [H] in sét se ém	LBL 1338 Is tolam setse em	Eg 153.4–5 Is tolam set se em / .i. set tallman /
---	-----------------------------------	---

As dáileamh na ngluaiseanna sin thuas idir LU, LBL agus Eg is féidir a chreidiúint gurb é an dála céanna é ag an Táin in Eg agus ag BDD in D.iv.2 ó thaobh thraidisiúin a dtéacsanna, is é sin, gur chineadar araon ó leaganacha as Íochtar Chonnacht a bhí comhbhunaithe ar na téacsanna atá in LU agus LBL.

Measaim fós gur thomhais Sisile Ní Raithile ceart nuair a dúirt sí (agus sheachain sí i gcónaí an cineál fosc cainte maíí a bhíonn ag scoláirí go minic) ‘we might surmise that H’s additions in U were first introduced by H’.²¹

TOMÁS Ó CON CHEANAINN

Deilgne, Co. Chill Mhantáin

²¹Gabhaim buíochas le Pádraig Ó Riain agus le Nollaig Ó Muraíle as ucht an ailt seo a scrúdú dom.